CEARTÚCHÁIN

Ceartúchán ar Threoir (AE) 2019/879 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 150 an 7 Meitheamh 2019)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 7 Meitheamh 2019)

Ar leathanach 330, Airteagal 1, pointe 17, Airteagal 45h(2) nua

in ionad:

"2. I gcás inar eintitis réitigh níos mó ná GS-II amháin a bhaineann leis an GS-II céanna, déanfaidh na húdaráis réitigh dá dtagraítear i mír 1 cur i bhfeidhm Airteagal 72e de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a phlé agus a chomhaontú, i gcás ina bhfuil sin iomchuí agus comhsheasmhach le straitéis réitigh G-SII, agus aon choigeartú a dhéanfar chun an difríocht idir suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45d(4) agus in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis réitigh aonair agus suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 45d(4) agus in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013, an difríocht sin a íoslaghdú nó a dhíothú.

Féadfar coigeartú den chineál sin a chur i bhfeidhm faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) féadfar an coigeartú a chur i bhfeidhm i dtaca leis na difríochtaí i ríomh méideanna neamhchosanta riosca iomlána idir na Ballstáit ábhartha trí leibhéal an cheanglais a choigeartú;

(b) ní chuirfear an coigeartú i bhfeidhm chun difríochtaí a eascraíonn ó neamhchosaintí idir grúpaí réitigh a dhíothú.

Ní bheidh suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45d(4) den Treoir seo agus in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis réitigh aonair níos lú ná suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 45d(4) den Treoir seo agus in Airteagal 12 de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.";

léitear:

"2. I gcás inar eintitis réitigh níos mó ná G-SII amháin a bhaineann leis an G-SII céanna, déanfaidh na húdaráis réitigh dá dtagraítear i mír 1 cur i bhfeidhm Airteagal 72e de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 agus aon choigeartú a dhéanfar chun an difríocht idir suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45d(4) agus in Airteagal 12a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis réitigh aonair agus suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 45d(4) agus in Airteagal 12a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 a íoslaghdú nó a dhíothú a phlé agus, i gcás ina bhfuil sin iomchuí agus comhsheasmhach le straitéis réitigh G-SII, a chomhaontú.

Féadfar coigeartú den chineál sin a chur i bhfeidhm faoi réir an mhéid seo a leanas:

(a) féadfar an coigeartú a chur i bhfeidhm i dtaca leis na difríochtaí i ríomh méideanna neamhchosanta riosca iomlána idir na Ballstáit ábhartha trí leibhéal an cheanglais a choigeartú;

(b) ní chuirfear an coigeartú i bhfeidhm chun difríochtaí a eascraíonn ó neamhchosaintí idir grúpaí réitigh a dhíothú.

Ní bheidh suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 45d(4) den Treoir seo agus in Airteagal 12a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013 maidir le heintitis réitigh aonair níos lú ná suim na méideanna dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 45d(4) den Treoir seo agus in Airteagal 12a de Rialachán (AE) Uimh. 575/2013.".